An Roinn Oideachais agus Scileanna

Cigireacht Ábhair ar an nGaeilge
TUAIRISC

Coláiste Pobail Osraí
Bóthar Urmhumhan
Cill Chainnigh
Uimhir Rolla: 70641K

Dáta na cigireachta: 5 Márta 2010

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

TUAIRISC
AR
CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA GHAEILGE

TUAIRISC CHIGIREACHT ÁBHAIR

Scríobhadh an tuairisc seo tar éis cigireacht ábhair i gColáiste Pobail Osraí, Cill Chainnigh. Leagann sé amach tátail na meastóireachta maidir le cáilíocht an teagaisc agus na foghlama sa Ghaeilge agus déanann moltaí d'fhorbairt theagasc an ábhair seo sa scoil. Rinneadh an mheastóireacht thar lá amháin inar thug an cigire cuairt ar sheomraí ranga agus inar breathnaíodh an teagasc agus an fhoghlaim. Bhí caidreamh ag an gcigire leis na scoláirí agus leis na múinteoirí, scrúdaíodh obair na scoláirí agus rinneadh plé leis na múinteoirí. D'athbhreithnigh an cigire doiciméid phleanála na scoile agus ullmhúchán scríofa na múinteoirí. Tar éis na cuairte meastóireachta, thug an cigire aiseolas ó bhéal ar thorthaí na meastóireachta don phríomhoide agus do na múinteoirí ábhair. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce; ba rogha leis an mbord glacadh leis an tuairisc gan freagra a thabhairt.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

Is gaelcholáiste é Coláiste Pobail Osraí agus múintear na hábhair ar fad sa scoil trí mheán na Gaeilge. Rang amháin atá i ngach bliainghrúpa faoi láthair ó tharlaíonn sé gur scoil réasúnta óg í. Tá súil ag bainistíocht na scoile go bhfásfaidh an scoil amach anseo agus go mbeidh ar a laghad dhá rang i ngach bliainghrúpa. Is ag an ardleibhéal a mhúintear na ranganna Gaeilge ar fad sa scoil faoi láthair, cé go ndéantar socruithe do scoláirí ar mian leo páipéir ghnáthleibhéal Gaeilge a thógaint sna scrúduithe stáit tar éis plé leis an gcomhairleoir gairmthreoireach agus le tuismitheoirí an scoláire. Is mionlach an-bheag a bheadh ag tógáil páipéir ghnáthleibhéil dar le bainistíocht na scoile.

Ceithre thréimhse sa tseachtain a bhíonn ann don Ghaeilge do na ranganna go léir sa tsraith shóisearach agus bíonn ceithre thréimhse ar fáil do na scoláirí san Idirbhliain chomh maith. Cúig thréimhse sa tseachtain a bhíonn ann sa chúigiú agus sa séú bliain. Tá an soláthar seo sásúil go maith ag glacadh leis go mbíonn deis ag na scoláirí an Ghaeilge a shealbhú i rith an lae scoile ar fad agus iad i mbun na n-ábhar scoile eile. Tugtar tacaíocht ar leith sa Ghaeilge do scoláirí sa chéad bhliain a thagann ó bhunscoileanna Béarla d'fhonn cabhrú leo tabhairt faoi churaclam na scoile trí Ghaeilge agus moltar an clár tacaíochta sin. Triúr múinteoir a bhíonn i mbun mhúineadh na Gaeilge sa scoil. Is céimithe sa Ghaeilge iad go léir le blianta taithí i múineadh an ábhair ag formhór acu.

De bharr gur gaelcholáiste é Coláiste Pobail Osraí, leagtar an-bhéim ar an nGaeilge in imeachtaí scoile idir imeachtaí traschuraclaim agus imeachtaí comhchuraclaim. Is liosta le háireamh iad na hócáidí agus na himeachtaí a reáchtáltar sa scoil agus lasmuigh di ar mhaithe le deiseanna nádúrtha labhartha Gaeilge a chur ar fáil do na scoláirí. Glacann scoláirí páirt, mar shampla, in imeachtaí Sheachtain na Gaeilge, tráth na gceisteanna idir gaelcholáistí sa réigiún, cláracha raidió, scléip (comórtas idir gaelcholáistí), comórtas an eolaí óig trí Ghaeilge, díospóireachtaí Ghael Linn, comórtas scannánaíochta TG4 agus comórtas aistí Foinse. Chomh maith leis sin, téann scoláirí chuig drámaí i nGaeilge agus tugtar cuireadh chun na scoile do réimse leathan cuairteoirí, ina measc filí a scríobhann i nGaeilge, scríbhneoirí cónaithe agus Artscope a rinne ceardlanna

éagsúla leis na scoláirí i mbliana. Moltar bainistíocht na scoile agus na múinteoirí Gaeilge as an réimse leathan imeachtaí spéisiúla taitneamhacha atá ar fáil do scoláirí an ghaelcholáiste. Tacaíonn a leithéid de chlár imeachtaí le sainmheon Gaelach an ghaelcholáiste a bhuanú agus a chothú.

Rinneadh suntas don bhealach a raibh dorchlaí na scoile maisithe le póstaeir agus ábhair eile i nGaeilge, chomh maith le hábhair eile ar chláracha fógraí de chineálacha éagsúla, a bhí fíortharraingteach ar fad. Moltar an cuma a bhí ar thimpeallacht na scoile i gcoitinne agus an chomharthaíocht i nGaeilge a bhí le feiceáil. Ní hamhlaidh a bhí i gcuid de na seomraí ranga áfach, agus moltar go gcuirfí níos mó ábhar ar taispeáint i nGaeilge, obair agus tionscnaimh de chuid na scoláirí féin san áireamh.

Tuairiscíodh go ndéantar an-iarracht na scoláirí a spreagadh agus a ghríosadh chun Gaeilge a labhairt ina measc féin i dtimpeallacht na scoile lasmuigh de na ranganna. Is dúshlán leanúnach é seo i ngaelcholáistí na tíre agus aithnítear na deacrachtaí a bhaineann le hiompar teanga scoláirí a athrú ón máthartheanga, nuair nach í Gaeilge an teanga sin. Is den riachtanas é go mbeadh an Ghaeilge buanaithe agus cothaithe mar theanga chumarsáide i measc na scoláirí chun tacú le sealbhú éifeachtach na teanga. Moltar do bhainistíocht na scoile go mbeadh plé leanúnach ar chur i bhfeidhm pholasaí Gaeilge na scoile i measc na foirne agus go mbeadh an cheist mar mhír ar chlár oibre chomhairle na scoláirí.

Cuireadh plean uile scoile don Ghaeilge ar fáil mar chuid den phlean do mhúineadh agus foghlaim na Gaeilge. Moltar an obair a rinneadh ar an bplean seo. Moltar áfach, an plean uile scoile seo agus an plean Gaeilge a fhorbairt sa treo is go ndíreofaí ar chruinneas i scríobh agus i labhairt na Gaeilge a fhorbairt trí straitéisí uile scoile sna hábhair go léir. Moltar do na múinteoirí Gaeilge an cheist seo a phlé le bainistíocht na scoile d'fhonn teacht ar pholasaí agus ar straitéisí comónta a bheadh dírithe ar chaighdeán Gaeilge na scoláirí a fheabhsú i gcomhthéacs na Gaelscolaíochta.

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

Tagann na múinteoirí Gaeilge le chéile uair sa téarma chun plé a dhéanamh ar réimse ceisteanna a bhaineann le múineadh an ábhair. Tá miontuairiscí ar fáil ó na cruinnithe sin. I measc na n-ábhar plé sna miontuairiscí bhí insealbhú na Gaeilge, feasacht teanga, eagrú imeachtaí le linn Seachtain na Gaeilge, athruithe ar pháipéar scrúduithe agus polasaí Gaeilge an choláiste.

Cuireadh plean ar fáil ar lá na cigireachta do mhúineadh agus foghlaim na Gaeilge. Ba léir gur caitheadh dua agus am leis na gnéithe éagsúla pleanála don ábhar. Moltar ach go háirithe an obair a rinneadh ar an bplean don Idirbhliain agus ar an bplean tacaíochta do scoláirí sa chéad bhliain ó chúlra bunscolaíochta Béarla. Ba léir áfach, go raibh cuid mhaith den phlean comhdhéanta de phleananna múinteoirí aonair, cuid acu níos cuimsithí ná a chéile agus cuid acu lámhscríofa. Moltar go gcuirfí plean na Gaeilge ar fáil i bhfoirm chomónta leictreonach a d'fhéadfaí cur leis agus baint de go héasca. Bheadh sé ionmholta go mbeadh cur síos ar mhúineadh na Gaeilge sa scoil agus sonraí ar sholáthar an ábhair sa scoil. Ba cheart go gcuimseodh an plean cur síos ar an ábhar atá le clúdach leis na bliainghrúpaí éagsúla chomh maith le cur síos cuimsitheach ar mhodhanna múinte agus modheolaíochtaí, straitéisí cumarsáide, úsáid áiseanna agus acmhainní agus modhanna measúnaithe. Moltar go mbeadh úsáid theicneolaíocht faisnéise agus na cumarsáide (TFC) sa seomra ranga Gaeilge mar chuid den phlean don Ghaeilge chomh maith.

Tugadh suntas don phlean Gaeilge don Idirbhliain agus moltar ilghnéitheacht an chláir a leagtar amach ann. Moltar díreach níos mó sonraí a thabhairt i leith an ábhair litríochta a bheadh idir lámha le linn na bliana.

Tá réimse réasúnta áiseanna ag Coláiste Pobail Osraí chun tacú le foghlaim na Gaeilge sna ranganna. Moltar ach go háirithe an obair atá ar siúl chun suíomh imlíon a fhorbairt don scoil áit a mbeidh teacht ar réimse leathan áiseanna agus nótaí ranga. Chun cur leis an obair sin moltar go gcuirfí fardal áiseanna agus acmhainní le chéile agus go mbeadh an fardal sin mar chuid den phlean do mhúineadh agus foglaim na Gaeilge sa scoil.

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

Bhí úsáid na Gaeilge mar theanga bhainistíochta, mhúinte agus chaidrimh ar fheabhas sna ranganna ar fad a breathnaíodh. Bhí múinteoirí ar a ndícheall i leith scoláirí a spreagadh chun a gcuid saibhris sa chaint agus sa scríbhneoireacht a fheabhsú agus moltar an cur chuige sin. Roinneadh aidhm an cheachta agus spriocanna foghlama le scoláirí ag tús ceachta i gcás amháin a breathnaíodh. Moltar an cur chuige seo go mór. Moltar go gcuirfí i bhfeidhm é ag tús na ranganna Gaeilge go léir ionas go mbeadh tuiscint ag scoláirí ar a bhfuil ar siúl acu agus cad a bheidh bainte amach acu ó thaobh foghlaim na teanga de ag deireadh an cheachta.

Baineadh úsáid as gníomhaíochtaí idirghníomhacha i gcúpla cás a breathnaíodh chun scoláirí a spreagadh chun cainte agus chun díospóireachta trí úsáid obair bheirte agus obair ghrúpa. San áit ar baineadh úsáid as obair bheirte, d'éirigh go hiontach leis agus d'eascair díospóireacht bhríomhar as an ngníomhaíocht a chuir go mór le luas an cheachta agus leis an taitneamh a bhain na scoláirí as an rang. Níor éirigh chomh maith sin leis an obair ghrúpa i gcás amháin eile a breathnaíodh, agus moltar go mbainfí úsáid as straitéisí éagsúla i suíomhanna difriúla chun scoláirí a ghríosadh chun oibre agus chun cainte. Moltar, mar shampla, gan ach bileog oibre amháin a thabhairt do ghrúpa ionas go mbeadh orthu dul i gcomhairle lena chéile faoin obair idir lámha. Ní raibh aon obair idirghníomhach ar siúl i cúpla rang a breathnaíodh seachas scoláirí ag éisteacht leis an múinteoir, ag freagairt ceisteanna agus ag scríobh. Moltar go gcinnteofaí go mbeadh gné idirghníomhach ag baint le gach ceacht agus go mbeadh deiseanna rialta ag scoláirí a bheith ag obair lena chéile, ag caint agus ag baint freagrachta as a gcuid foghlama féin faoi stiúr an mhúinteora.

Baineadh úsáid éifeachtach as an gclár bán chun pointí gramadaí, eocharbhriathra agus freagraí ar cheisteanna a léiriú chomh maith le foclóir nua. Baineadh úsáid as bileoga saothair, nótaí múinteoirí agus i gcás amháin bileog eolais i nGaeilge. Seachas na nithe, sin níor baineadh úsáid as aon áiseanna nó acmhainní eile chun tacú le foghlaim na scoláirí agus chun a gcuid spéise in ábhar na gceachtanna a mhúscailt. Moltar go mbainfi úsáid as réimse i bhfad níos leithne áiseanna agus acmhainní sna ranganna Gaeilge chun samhlaíocht na scoláirí a mhúscailt, chun a chuid suime in ábhar na gceachtanna a spreagadh agus chun comhthéacsú a dhéanamh ar litríocht na Gaeilge, ach go háirithe. Ba cheart úsáid rialta a bhaint as ceol, giotaí ó scannáin agus cláracha teilifíse, téacsanna dílse, póstaeir, grianghraif agus aon ábhar eile a bheadh úsáideach chun tacú le foghlaim na scoláirí. Moltar an bealach a ndearnadh ceangail idir dán i nGaeilge agus litríocht an Bhéarla i gcás amháin a breathnaíodh agus moltar go ndéanfaí iarrachtaí leanúnacha chun comparáidí den chineál sin a dhéanamh sna ceachtanna cuí.

I gcásanna áirithe, díríodh aird na scoláirí ar bhotúin ghramadaí agus ar bhotúin fhoghraíochta le linn na gceachtanna. Moltar go ndéanfaí amhlaidh sna ceachtanna go léir gan cur as do rithim cainte nó do fhéinmhuinín na scoláirí agus iad ag caint. Is féidir nótaí a ghlacadh de bhotúin chomónta agus iad a phlé leis na scoláirí roimh dheireadh an ranga. Ba ghá i gcás amháin a

breathnaíodh aird ar leith a dhíriú ar an gcopail “is”. Tá an dá ghné seo d’fhoghlaim na teanga, an ghramadach agus an fhoghraíocht, fíorthábhachtach go háirithe i gcomhthéacs Gaelscolaíochta áit a bheifeá ag súil le hardchaighdeán.

Moltar go mór an úsáid a baineadh as bileog faoin sláinte i gcás amháin a breathnaíodh. Dáileadh cóipeanna den bhileog sa rang agus tar éis plé a dhéanamh ar an mbileog féin agus an t-ábhar inti iarradh ar scoláirí obair i mbeirteanna ar bhileog dá gcuid féin a dhearadh. Ceacht bríomhar spéisiúil a bhí ann agus ceanglaíodh gnéithe den ghramadach le foclóir na scoláirí sa réimse bhia. Iarradh ar scoláirí a chinntiú go raibh a mbileoga féin scríofa sa mhodh ordaitheach agus ba éifeachtach an straitéis í chun an aimsir sin a mhúineadh.

Bhí na scoláirí cuirtéiseach agus béasach le linn na ranganna go léir. Rinne scoláirí a ndícheall i bhformhór mór na ranganna a breathnaíodh chun ceisteanna an mhúinteora a fhreagairt agus chun páirt ghníomhach a ghlacadh sa rang. Shiúil múinteoirí timpeall na seomraí ranga ag caint le scoláirí, ag ceartú a gcuid oibre agus ag cinntiú go raibh obair á cur i gcrích. Tugadh moladh leanúnach do scoláirí a bhí ag déanamh iarrachta sa rang agus moltar an cur chuige sin.

MEASÚNÚ

Eagraítear scrúduithe inscoile faoi dhó sa bhliain, ag an Nollag agus sa samhradh. Bíonn trialacha lár-téarma sna ranganna eagraithe sna hábhair éagsúla chomh maith. Táthar ag cur torthaí uile gach dalta ar an ríomhaire anois ionas gur féidir monatóireacht níos géire agus níos éifeachtaí a dhéanamh ar thorthaí scoláirí. Moltar an obair seo a tosaíodh bliain ó shin. Coimeádtar tuismitheoirí ar an eolas trí thuairiscí dhá uair sa bhliain, cruinnithe idir tuismitheoirí agus múinteoirí agus tríd an dialann scoile.

Ba léir ó na cóipleabhair a breathnaíodh go dtugtar obair bhaile go rialta. Bhí éagsúlacht chleachtais le sonrú áfach maidir le ceartúchán cóipleabhar. Bhí roinnt coipleabhair ceartaithe go fíorchúramach ar fad agus moltar obair na múinteoirí ina leith sin. Breathnaíodh cóipleabhair i roinnt ranganna áfach, áit a raibh na ceartúcháin easnamhach agus i gcásanna eile bhí sé deacair na ceartúcháin a aithint nó a léamh. Moltar do na múinteoirí Gaeilge ceist mheasúnú obair na scoláirí a phlé agus córas ceartúcháin a aontú don obair bhaile a thabharfadh aiseolas do na scoláirí ar a gcuid oibre agus ar a ndul chun cinn agus a chinnteodh go bhfoghlaimeofaí ó na botúin.

Déantar an-iarracht sa scoil éachtaí, dul chun cinn agus iarrachtaí scoláirí a aithint agus a cheiliúradh agus bronntar duaiseanna ina leith seo ar oíche na ngradam. Moltar an cur chuige seo agus na hiarrachtaí chun scoláirí a spreagadh le páirt a ghlacadh i réimse leathan comórtaisí. Déantar anailís ar thorthaí scrúduithe na scoile agus scaiptear an t-eolas sin ar an bhfoireann agus ar an mbord bainistíochta.Tógann formhór mór na scoláirí sa scoil na páipéir ardleibhéil Ghaeilge do na scrúduithe stáit. Bíonn an ghnóthachtáil sna scrúduithe go maith sa Ghaeilge.

ACHOIMRE AR NA PRÍOMHCHINNTÍ AGUS MOLTAÍ

Is iad seo a leanas na príomhchinntí ag éirí as an gcigireacht ábhair:

- Is liosta le háireamh iad na himeachtaí traschuraclaim agus comhchuraclaim a eagraítear sa scoil agus lasmuigh di chun tacú le múineadh agus foghlaim na Gaeilge agus chun tacú le buanú agus cothú sainmheon Gaelach na scoile.

- Moltar an obair phleanála a rinneadh go dáta, an plean don Idirbhliain agus an plean tacaíochta dóibh siúd sa chéad bhliain ó chúlra bunscolaíochta Béarla, ach go háirithe.
- Breathnaíodh samplaí d'obair idirghníomhach sna ranganna Gaeilge a bhí éifeachtach agus spreagúil.
- Bhí úsáid na Gaeilge mar theanga bhainistíochta, chumarsáide agus mhúinte ar fheabhas sna ranganna a breathnaíodh.
- Moltar an bealach a dhéantar éachtaí agus dul chun cinn scoláirí a cheiliúradh sa scoil.

Déantar na mórmholtaí seo a leanas ar mhaithe le cur leis na buanna seo agus le réimsí forbartha a aithint:

- Moltar go bpléifí straitéisí uile scoile a chabhródh leis an gcaighdeán cruinnis sa Ghaeilge idir labhairt agus scríobh, a fheabhsú i gcomhthéacs na Gaelscolaíochta.
- Moltar go n–úsáidfí réimse níos leithne áiseanna agus acmhainní sna ranganna Gaeilge chun ábhar na gceachtanna a chomhthéacsú agus a dhéanamh níos spéisiúla do scoláirí.
- Moltar córas ceartúchán cóipleabhar a phlé agus a aontú a chinnteodh go dtabharfaí aiseolas cabhrach do scoláirí agus a chinnteodh go bhfoghlaimeofaí ó na botúin ghramadaí.

Eagraíodh cruinnithe iarmheastóireachta leis na múinteoirí Gaeilge agus leis an bpríomhoide ag deireadh na meastóireachta mar ar cuireadh i láthair agus ar pléadh na dréacht-chinntí agus moltaí.

Foilsithe Meitheamh 2011